



Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí RTÉ

Nollaig 2020

1. Réamhrá

Tugann Bord RTÉ ardtosaíocht do bhunú agus do chothabháil timpeallacht rialaithe láidir i ngach réimse dá ghnó, agus na cuspóirí seo a leanas á gcinntiú aige:

- spriocanna straitéiseacha a bhaint amach;
- beartais, nósanna imeachta, dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh;
- sócmhainní a choimirciú;
- iontaofacht agus sláine na faisnéise, lena n-áirítear faisnéis airgeadais; agus
- úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil acmhainní.

Neartaítear an fhreagracht sin leis an gceanglas ar Chathaoirleach an Bhoird tuairisciú go foirmiúil don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir leis na córais rialaithe inmheánacha agus nithe gaolmhara, de réir Alt 2.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá an bhainistíocht feidhmiúcháin freagrach as an timpeallacht rialaithe a chur i bhfeidhm, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi ar bhonn laethúil.

Ós rud é gurb é an 'tríú líne chosanta' laistigh den chreat bainistíochta riosca, tá ról lárnach ag iniúchadh inmheánach sa timpeallacht rialaithe trí dhearbhu neamhspleách a thabhairt maidir le hoiriúnacht agus le héifeachtacht leanúnach na rialuithe. Is polasaí do chuid Bhord RTÉ é tacú le feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus í a fhorbairt agus na hacmhainní iildisciplíneacha a theastaíonn ó bhord RTÉ a chur ar fáil dó chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go leordhóthanach agus chun feidhmiú de réir na gcaighdeán dea-chleachtais.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca freagrach as cinntí a fhaomhadh maidir le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí a cheapadh nó a chur as oifig.

2. Ról agus Cuspóirí

Is é Institiúid Chairte na hIniúcháirí Inmheánacha ("IIA") a rialaíonn Iniúcháireacht Inmheánach, lena n-áirítear Príomhphrionsabail Chleachtas Gairmiúil na hIniúcháireachta Inmheánaí, an Chóid Eitice, agus na gCaighdeán. Seo a leanas an sainmhíniú a thugann an IIA ar Iniúchadh Inmheánach:

"gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus sainchomhairleoireachta is ea iniúcháireacht inmheánach agus tá sí in ainm is luach a chur le hoibríochtaí na heagraíochta agus feabhas a chur orthu. Cabhraíonn sí le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a chruthú i leith éifeachtacht phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú".

Tá sé de chúram air cur chuige córasach smachtaithe a thabhairt chun meastóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais laistigh de RTÉ, mar sheirbhís do Bhord RTÉ agus do gach leibhéal bainistíochta.

Is é cuspóir na hIniúcháireachta Inmheánaí dearbhú réasúnta a thabhairt do Bhord RTÉ agus don bhainistíocht araon go bhfuil rioscaí suntasacha na heagraíochta á mbainistiú mar is cuí. Baintear é seo amach trí phróisis aitheantais riosca agus bainistithe riosca na heagraíochta a bhreithmheas agus trí dheireadh a chur le feabhsuithe, nuair is cuí.

Tá Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí freagrach as a chinntiú go gcuirtear san áireamh san obair iniúcháireachta an fhéidearthacht go dtarlódh calaois agus as imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais chalaoise iarbhíre nó amhrasta.

3. An Misean

Is é misean na hIníúcháireachta Inmheánaí tacú le RTÉ a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí:

- dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil a chur ar fáil do Bhord RTÉ agus don bhainistíocht Feidhmiúcháin go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm chun gach riosca suntasach a aithníonn an bhainistíocht a bhainistiú;
- dearbhú a chur ar fáil do Bhord RTÉ agus don bhainistíocht feidhmiúcháin maidir le hinfheidhmeacht agus éifeachtacht na rialuithe 'ó lá go lá' atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht oibríochtúil chun a chinntiú go ndéantar gnáthbhearta a phróiseáil agus a thaifeadh i gceart;
- tacú le bainistiú oibríochtúil trí chomhairle dea-chleachtais a chur ar fáil maidir le rioscaí agus rialuithe; agus
- cuidiú leis an eagraíocht a cuid freagrachtaí maidir le Rialachas Corparáideach a chomhlíonadh.

Féadfaidh iniúchadh inmheánach iniúchtaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas, agus tuilleadh:

- Cáilíocht na rialuithe inmheánacha, sábháilteacht oibríochtaí agus comhlíonadh nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán (riosca oibríochtúil, comhlíonadh)
- Éifeachtúlacht agus slándáil na bpróiseas, na dtionscadal agus na gcóras faisnéise atá i bhfeidhm (feidhmíocht);
- Tráthúlacht agus sláine na faisnéise airgeadais agus oibríochtúil;
- Ailíniú acmhainní agus modhanna rialaithe a chuirtear chun feidhme chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach (straitéis, rialachas, bainistiú rioscaí teicniúla agus airgeadais);
- Monatóireacht a dhéanamh ar phleananna ceartaitheacha tar éis iniúchadh inmheánach nó athbhreithniú seachtrach.

4. Údarú

Údaraíonn an Bord Iniúchadh Inmheánach chun:

- Rochtain iomlán, saor in aisce agus neamhsrianta a bheith acu ar gach feidhm, taifead, maoin agus pearsanra a bhaineann le haon rannpháirtíocht a dhéanamh. Ní chuirtear bac ar aon réimsí oibríochtúil ná leibhéal laistigh den eagraíocht ó athbhreithniú iniúchadh inmheánach.
- Acmhainní a leithdháileadh, minicíochtaí a shocrú, réimsí iniúchta a roghnú, scóipeanna oibre a chinneadh, teicnící a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun cuspóirí iniúcháireachta a bhaint amach, agus tuarascálacha a eisiúint.
- Cúnamh a fháil ó sheirbhísí speisialaithe eile nó ó thríú páirtithe chun an obair a chur i gcrích.

5. An Neamhspleáchas

Tuairiscíonn Ceann na hIníúcháireachta Inmheánaí don Ard-Stiúrthóir ó thaobh riaracháin de agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ó thaobh feidhmiúlachta de. Is iad an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a cheadaíonn an clár oibre a dhéanann foireann na hIníúcháireachta Inmheánaí.

Tá neamhspleáchas riachtanach chun éifeachtacht chlár oibre na hIníúcháireachta Inmheánaí a chinntiú. Cinntítear neamhspleáchas na hIníúcháireachta Inmheánaí ó tharla nach mbíonn údarás díreach á fheidhmiú aige ar dhaoine, nósanna imeachta ná gníomhaíochtaí atá faoi réir athbhreithniú iniúchta. Níl údarás ag an Iniúchadh Inmheánach:

- aon dualgais oibríochtúla a chomhlíonadh don eagraíocht;
- aon idirbhearta cuntasáochta atá lasmuigh de roinn na hIníúcháireachta Inmheánaí a thionscnamh nó a fhaomhadh;
- nósanna imeachta a fhorbairt nó a shuiteáil; ná

- gníomhaíochtaí aon fhostaí nach bhfuil fostaithe laistigh de roinn na hIníúcháireachta Inmheánaí a stiúradh, ach amháin sa mhéid gur sannadh na fostaithe sin go cuí d'fhoirne iniúcháireachta nó chun cuidiú le hIníúchadh Inmheánach ar shlí eile.

Ní chuirfear as do neamhspleáchas i gcás ina suíonn pearsanra iniúcháireacht inmheánach ar choistí stiúrtha nó ar ghrúpaí tionscadail eile chun cur le forbairt córas agus nósanna imeachta trí chomhairle a thabhairt maidir le saincheistanna rialaithe agus slándála.

D'fhonn tacú le dearcadh neamhspleách riachtanach, beidh an tIníúchadh Inmheánach saor ó chur isteach ó aon ghné san eagraíocht, lena n-áirítear nithe a bhaineann le roghnú, raon feidhme, nósanna imeachta, minicíocht an iniúchta nó le hábhar na dtuarascálacha (seachas nósanna imeachta na tuarascála – féach thíos).

6. Raon feidhme

D'fhonn a chuspóir a bhaint amach, leathnaíonn scóip shainchúram na hIníúcháireachta Inmheánaí chuig gach gné de gníomhaíocht ghnó ar fud na heagraíochta, seachas na nithe sin a shonraítear thíos. Léireoidh minicíocht an athbhreithnithe na leibhéal éagsúla riosca a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le gníomhaíochtaí éagsúla. Déanfar úsáid acmhainní, a bheidh de réir pleananna a aontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, a ualú i dtreo éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe a chinneadh.

Ní chuimsíonn scóip na hIníúcháireachta Inmheánaí cúrsaí eagarthóireachta, ná freagracht an Ard-Stiúrthóra ina c(h)uid ról mar Phríomh-Eagarthóir. Mar sin féin, cinnteoidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, mar chuid dá athbhreithniú níos leithne ar riosca, éifeachtacht na bpróiseas atá i bhfeidhm chun maoirseacht a bhaint amach ar riosca eagarthóireachta.

Ar an mbealach céanna, ós rud é go ndéanann Bord RTÉ maoirsiú díreach ar riosca na bpinsean, agus go ndéanann lontaobhaithe na scéimeanna pinsin aonair atá urraithe ag RTÉ maoirsiú díreach ar leithligh, ní chuimsíonn scóip na hIníúcháireachta Inmheánaí scéimeanna pinsin urraithe RTÉ.

Mar sin féin, breithneofar aon iarratais ón gCoiste Cláir / ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca chun sannadh iniúchta eagarthóireachta a dhéanamh, nó ag lontaobhaithe na scéimeanna chun tascanna iniúchta pinsin a dhéanamh, i gcomhthéacs phróiseas pleanála na hIníúcháireachta inmheánaí agus ní áirítear sa Chairt seo Iníúchadh Inmheánach ó shannachá(i)n a dhéanamh sna réimsí seo.

7. Freagrachtaí na hIníúcháireachta Inmheánaí

Feidhmeoidh pearsanra na hIníúcháireachta inmheánaí de réir na gcaighdeán ionracais is airde agus déanfaidh siad an obair ar fad de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil na hIníúcháireachta Inmheánaí.

Rannpháirtíochtaí

Áireofar le hobair na hIníúcháireachta Inmheánaí na rudaí seo a leanas (agus tuilleadh):

- Na socruithe iniúcháireachta mar a shonraítear i Rannóg 3
- Sainaitheint agus bainistiú riosca a athbhreithniú agus a bhreithmheas, mar aon le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe, ag moladh feabhsuithe, i gcás inarb iomchuí; agus
- Calaois inmheánach, goid nó teagmhais eile a imscrúdú ina bhfuil amhras ar an mbainistíocht maidir le sláine foirne. Áirítear leis sin tuairiscí a fháil, agus nuair is gá, a fhiosrú trí Bheartas Tuairiscithe de Mheon Macánta RTÉ.

Pleanáil

Déanfar na rudaí seo a leanas leis an Iniúcháireacht Inmheánach:

- Plean iniúchadh inmheánach rioscabhunaithe a chur faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar a laghad uair sa bhliain, lena athbhreithniú agus lena fhaomhadh.
- Athbhreithniú agus coigeartú a dhéanamh ar phlean an iniúchta inmheánaigh, de réir mar is gá, mar fhreagra ar athruithe i ngnó, rioscaí, oibríochtaí, cláir, córais agus rialuithe RTÉ.

Forbrófar pleananna na hIniúcháireachta Inmheánaí trí thosaíocht a thabhairt do réimsí riosca. Beidh spriocanna agus cuspóirí na bainistíochta, mar aon lena braistintí i leith riosca agus neamhchosaintí, ina n-ionchur lárnach freisin i bpróiseas pleanála straitéiseach agus oibríochtúil na hIniúcháireachta Inmheánaí, mar aon le scóip obair na hIniúcháirí Seachtracha.

Agus a chuid oibre á pleanáil, á cur i bhfeidhm agus á tuairisciú, déanfaidh an tIniúchadh Inmheánach comhordú ar a ghníomhaíocht le soláthraithe dearbhaithe eile.

Leagfar amach an próiseas mionsonraithe chun an plean a chinneadh i ndoiciméad straitéise iniúchadh inmheánach ar leithligh, chomh maith le lámhleabhar Beartais & Nósanna Imeachta.

Tuairisciú a dhéanamh

- Tuarascálacha iniúchta oibiachtúla, tráthúla agus dírithe ar riosca a eisiúint. Tabharfaidh na tuarascálacha aghaidh ar shaincheistanna rialaithe, molfaidh siad gníomhartha lena bhfeabhsú, léireofar cé atá freagrach as an ngníomh ábhartha agus tabharfaidh siad amchlár lena chur i gcrích.
- Sula n-eiseofar aon tuarascáil deiridh, tionólfar cruinnithe leis an mbainistíocht ábhartha sa réimse atá faoi athbhreithniú chun teacht ar chomhaontú maidir le hábhar agus tuin na tuarascála.
- Tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí a chur faoi bhráid chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ag cruinnithe sceidealta an Choiste.
- Cuirfidh Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí, mar chuid de thuairisciú rialta, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an eolas maidir le stádas na bpointí gníomhaíochta iniúchta a comhaontaíodh a chur i bhfeidhm.

Taifead a Choimeád

Aon sonraí a gheobhaidh pearsanra na hIniúcháireachta Inmheánaí le linn a gcuid oibre nó ar shlí eile, láimhseálfar iad mar shonraí rúnda agus déanfar sonraí a bhainistiú i gcomhréir le Beartas Coinneála Sonraí RTÉ agus le Beartas Príobháideachais RTÉ. Ina theannta sin, maidir le hIniúchadh Inmheánach:

- Coinneofar taifid chuimsitheacha gníomhaíochta lena léiriú go ndearnadh an obair iniúcháireachta de réir na gcaighdeán dea-chleachtais. Coinneofar doiciméid ar aon dul leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha.

8. Freagrachtaí na Bainistíochta agus an Bhoird

Tá sé de fhreagracht ar an mbainistíocht riosca a bhainistiú agus rialuithe éifeachtacha a choinneáil. Tá príomhfhreagracht ag an mbainistíocht feidhmiúcháin freisin calaois a chosc agus aon chalaois a d'fhéadfadh tarlú a bhrath agus a láimhseáil.

Tá an fhreagracht ar an mBainistíocht agus ar an mBord Stiúrtóirí:

- Lucht Iniúchta Inmheánaigh a choinneáil ar an eolas faoi gach athrú ábhartha laistigh den eagraíocht;
- Gach teagmhas riosca ábhartha, teagmhais i ndáil le comhlíonadh agus teipeanna i rialú inmheánach (lena n-áirítear neasteagmhais) agus teagmhais a thuirisciú d'Iniúchadh Inmheánach go tráthúil;
- Acmhainní cuí a choimeád

Is ag an mBord freisin atá faomhadh deiridh na Cairte Iniúcháireachta Inmheánaí.

Déanfaidh bainisteoirí idirphlé réamhghníomhach le hiniúcháirí, freagróidh siad do dhréacht-tuarascálacha de réir nósanna imeachta comhaontaithe (thíos) agus comhaontóidh siad gníomhartha agus scálaí ama chun laigí rialaithe a aithníodh a chur ina gceart.

Maidir le freagairt do thuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí:

- Freagróidh bainistíocht an réimse atá faoi athbhreithniú, a ndírítear an dréacht-tuarascáil air, go pras i scríbhinn, ag léiriú cad iad na gníomhartha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an toradh a fuarthas sa tuarascáil.
- Tabharfar 15 lá oibre ar a mhéad don bhainistíocht chun freagairt don Iniúchadh Inmheánach. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh, de rogha na hIniúcháireachta Inmheánaí, agus aird chuí á thabhairt ar chúinsí eisceachtúla nó ar éilimh eile.
- Má theipeann ar an mbainistíocht freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama riachtanach, údaraítear d'Iniúchadh Inmheánach an dréacht-tuarascáil a eisiúint mar "tuarascáil deiridh". Ina theannta sin, sa chás nach bhfuil gealltanas tugtha ag an mbainistíocht do ghníomhartha sa dréacht-tuarascáil, áireofar san Iniúchadh Inmheánach moltaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe sa tuarascáil deiridh.

Beidh sé mar fhreagracht ag lucht bainistíochta an réimse a iniúchtar na gníomhartha comhaontaithe atá luaite i dtuarascálacha iniúcháireachta Inmheánaí a chur i bhfeidhm.

Ba cheart go bhfaigheadh Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí aiseolas tráthúil ón mbainistíocht ar an dul chun cinn maidir leis na gníomhartha a aithníodh i dtuarascálacha iniúcháireachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iniúcháireachta.

9. Faomhadh

Ar an 3 Nollaig 2020, rinne na daoine seo a leanas Cairt na hIniúcháireachta Inmheánaí a fhaomhadh:

Moya Doherty, Cathaoirleach an Bhoird

Anne O'Leary, Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dee Forbes, Príomh-Stiúrtóir

Peadar Faherty, Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí